CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/874 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Meitheamh 2022

maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha i ndáil le húdarú ar tháirge bithicídeach ina bhfuil N-(tríchlóraimeitiltia)talaimíd (Folpet) arna tharchur ag an Ísiltír i gcomhréir le hAirteagal 36(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 3465)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Meán Fómhair 2016, chuir an chuideachta TROY CHEMICAL BV ("an t-iarratasóir") iarratas faoi bhráid údaráis inniúla roinnt Ballstát, lena n-áirítear an Ghearmáin, ar aitheantas frithpháirteach comhthreomhar le haghaidh táirge bithicídeach chun ábhair shnáithíneacha nó pholaiméirithe a chaomhnú (cineál táirge 9 i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012) ina bhfuil N-(tríchlóraimeitiltia)talaimíd (Folpet) mar shubstaint ghníomhach ("an táirge bithicídeach"). Is í an Ísiltír an Ballstát tagartha atá freagrach as meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas dá dtagraítear in Airteagal 34(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(2) De bhun Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, rinne an Ghearmáin agóidí a tharchur chuig an ngrúpa comhordúcháin an 1 Deireadh Fómhair 2020, ina léirítear nach gcomhlíonann an táirge bithicídeach na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1), pointe (d) den Rialachán sin.

(3) Measann an Ghearmáin nach gcomhlíonann an táirge bithicídeach na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1), pointe (d) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 toisc nach bhfuil aon chonclúid ann maidir le haicmiú an táirge bhithicídigh i ndáil le guaiseacha fisiceacha agus saintréithe sábháilteachta áirithe, eadhon, nuair a mheastar gur solad inadhainte, substaint nó meascán féin-imoibríoch, substaint nó meascán féintéimh iad, substaint nó meascán lena scaoiltear gáis inadhainte agus teocht féin-adhainte choibhneasta maidir le solaid agus iad i dteagmháil le huisce, a bhaineann leis an tacar bunsonraí de bhun phointe 4 de Theideal I d'Iarscríbhinn III, a ghabhann le sin a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus dá bhrí sin nach féidir na ceanglais sin a tharscaoileadh, mura féidir iad a oiriúnú i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin.

(4) Thug an Ísiltír le fios gurb ionann an táirge bithicídeach agus an tsubstaint ghníomhach N-(tríchlóraimeitiltia)tailimíd (Folpet). Níl aon aicmiú comhchuibhithe ag Folpet faoi láthair maidir le guaiseacha fisiceacha a bhunaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

(5) Ós rud é nár tháinig an grúpa comhordúcháin ar aon chomhaontú, an 5 Eanáir 2021 tharchuir an Ísiltír an agóid nach raibh réitithe chuig an gCoimisiún de bhun Airteagal 36(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Ar an gcaoi sin chuir an Ísiltír ráiteas mionsonraithe faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an tsaincheist faoinar theip ar na Ballstáit teacht ar chomhaontú agus na cúiseanna a bhí lena n-easaontas. Cuireadh cóip den ráiteas sin ar aghaidh chuig na Ballstáit lena mbaineann agus chuig an iarratasóir.

(6) Le hAirteagal 19(1), pointe (d) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, leagtar síos mar cheann de na coinníollacha maidir le húdarú a dheonú gur cinneadh airíonna fisiceacha agus ceimiceacha an táirge bhithicídigh agus go meastar go bhfuil siad inghlactha chun críocha úsáid iomchuí agus iompar iomchuí an táirge.

(7) Bunaítear le hAirteagal 20(1) pointe (a)(i) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 nach mór don iarratasóir ar údarú ar tháirge bithicídeach sainchomhad nó litir rochtana le haghaidh an táirge bhithicídigh a chur isteach lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

(8) Bunaítear le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 nach gá don iarratasóir sonraí a cheanglaítear faoi Airteagal 20 den Rialachán sin a sholáthar i gcás nach bhfuil gá leis na sonraí de bharr an nochta a bhaineann leis na húsáidí atá beartaithe, nach bhfuil gá ann ó thaobh na heolaíochta de na sonraí a sholáthar nó nach féidir na sonraí a ghiniúint go teicniúil, agus go bhféadfaidh an t-iarratasóir a mholadh go ndéanfaí na ceanglais sonraí sin a oiriúnú i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus go ndéanfaí an bonn cirt atá leis na hoiriúnuithe atá beartaithe ar na ceanglais sonraí a chur in iúl go soiléir san iarratas le tagairt do na rialacha sonracha in Iarscríbhinn IV den Rialachán sin.

(9) De bhun phointe 4 de Theideal 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, sonraí lena chinneadh an measfar gur táirge pléascach, solad inadhainte, substaint nó meascán féin-imoibríoch, solad pireafórach, substaint nó meascán féintéimh, substaint nó meascán lena scaoiltear gáis inadhainte i dteagmháil le huisce, solad ocsaídithe, sárocsaídí orgánacha, atá creimneach do mhiotail agus an teocht féin-adhainte choibhneasta maidir le solaid, baineann na sonraí sin leis an tacar bunsonraí atá le cur ar fáil chun tacú leis an iarratas ar údarú táirgí bithicídeacha. De bhun phointe 18(a) d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin, déanfar an measúnú riosca chun na guaiseacha mar gheall ar na hairíonna fisiceimiceacha a chinneadh.

(10) Thairis sin, de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, ní mór do mhonaróirí, d'allmhaireoirí agus d'úsáideoirí iartheachtacha substaintí nó meascáin a aicmiú i gcomhréir le Teideal II den Rialachán sin sula gcuirfear ar an margadh iad. Bunaítear le hAirteagal 8(2) den Rialachán sin, chun a chinneadh an mbaineann aon cheann de na guaiseacha fisiceacha dá dtagraítear i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I den Rialachán sin le substaint nó le meascán, go ndéanfaidh an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-úsáideoir iartheachtach na tástálacha a cheanglaítear sa Chuid sin, mura bhfuil faisnéis leormhaith agus iontaofa ar fáil cheana féin.

(11) Dá bhrí sin, is é a bheidh i gceist le féinaicmiú tástáil nua i ndáil leis na guaiseacha fisiceacha sin i gcás nach bhfuil faisnéis leormhaith agus iontaofa ar fáil de bhun Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. De réir na bhféin-aicmithe a chuirtear ar fáil san fhardal aicmithe agus lipéadaithe atá á chothabháil ag an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ([3]), faoi láthair níl aon cheann de na 2 572 fhógróir le haghaidh Folpet a dhéanann aicmiú ar an tsubstaint i ndáil le guaiseacha fisiceacha agus tá cúiseanna curtha ar fáil ag fógróirí go bhfuil sonraí leormhaithe ar fáil, i gcás roinnt guaiseacha fisiceacha, chun a chinneadh nach bhfuil na critéir aicmithe á gcomhlíonadh, agus i gcás guaiseacha fisiceacha eile, go bhfuil easpa sonraí ann.

(12) In ainneoin na hoibleagáide faoi Airteagal 20(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcomhar le pointe 4 de Theideal 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin agus leis an oibleagáid faoi Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, níor cuireadh aon fhaisnéis ar fáil maidir le haicmiú an táirge bhithicídigh i ndáil le guaiseacha fisiceacha agus saintréithe sábháilteachta.

([3]) Mionsonraí an Fhógra - Fardal C&L (europa.eu).

(13) An 19 Bealtaine 2021, thug an Coimisiún an deis don iarratasóir barúlacha i scríbhinn a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 36(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Chuir an t-iarratasóir barúlacha isteach an 18 Meitheamh 2021.

(14) Ina bharúlacha, chuir an t-iarratasóir bonn cirt ar fáil maidir leis na ceanglais sonraí a tharscaoileadh ar ceanglais sonraí iad a bhunaítear i bpointe 4 de Theideal 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i ndáil le roinnt de na guaiseacha fisiceacha (substaintí agus meascáin fhéin-imoibríocha, solaid phireafóracha, substaintí nó meascáin fhéintéimh, solaid ocsaídeacha, sárocsaídí orgánacha, atá creimneach do mhiotail) trí thagairt a dhéanamh don taithí aitheanta agus i gcás guaiseacha eile (pléascáin, solaid inadhainte, substaintí agus meascáin ar substaintí nó meascáin iad lena scaoiltear gáis inadhainte agus teocht féin-adhainte choibhneasta maidir le solaid agus iad i dteagmháil le huisce) go ndearna an t-iarratasóir tagairt do thuarascáil mheasúnachta na substainte gníomhaí.

(15) Tar éis don Choimisiún na barúlacha a thug an t-iarratasóir a scrúdú go cúramach agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, measann sé, cé is moite de chreimneach do mhiotail, ar féidir glacadh leis an mbonn cirt a thug an t-iarratasóir ina leith, nach féidir teacht ar chonclúid ón bhfaisnéis eile go léir a chuir an t-iarratasóir ar fáil maidir le haicmiú an táirge i ndáil le guaiseacha fisiceacha agus saintréithe sábháilteachta a bhaineann leis an tacar bunsonraí dá dtagraítear i bpointe 4 de Theideal 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus nár cuireadh bonn cirt leormhaith ar fáil chun ceanglais sonraí a oiriúnú i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach féidir a shuíomh cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an táirge bithicídeach na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1), pointe (d) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(16) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir leis an táirge bithicídeach a shainaithnítear leis an gcásuimhir BC-FS027255-29 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

Airteagal 2

Gan an fhaisnéis ábhartha i bpointe 4 de Theideal 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 a chur isteach, faoi réir na bhféidearthachtaí ginearálta maidir le hoiriúnú a dhéanamh ar na ceanglais sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin, níor léiríodh go gcomhlíonann an táirge bithicídeach na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1), pointe (d) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún